

# Foirm EI 1A

## FAOISEAMH D'INFHEISTÍOCHT I gCEIRDEANNA CORPARÁIDEACHA

Éileamh ar Fhaoiseamh Breise faoi Alt 489(2)(b) den Acht Comhdhlúite  
Cánacha 1997



D'fhéadfadh faoiseamh a bheith ceadaithe i leith aon cheann déag breise de dhaichead aonuithe<sup>1</sup> nó deich ndaicheadú<sup>2</sup> den mhéid a shuibscríobhtar le haghaidh infheistíochtaí cáilitheacha ag deireadh na tréimhse baintí

- (a) (i) má sháraíonn an uimhir bhainteach fostaíochta an uimhir tairseach fostaíochta, agus  
(ii) má sháraíonn an méid bainteach an méid tairsí agus más ionann an difríocht sin, ar a laghad, agus méid iomlán luach saothair aon fostaí cáilithigh amháin sa bhliain mheasúnachta ina dtagann an tréimhse bhainteach chun deireadh.

Nó

- (b) má sháraíonn an méid caiteachais ar thaighde agus forbairt a bhí tabhaithe ag an gcuideachta cháilitheach sa tréimhse shainithe bhainteach a chríochnaigh sa bhliain mheasúnachta roimh an mbliain mheasúnachta inar tháinig deireadh le tréimhse bhainteach trí bliana, maidir le suibscríobh scaireanna cáilithe, má sháraíonn sé an méid caiteachais ar thaighde agus forbairt a bhí tabhaithe ag an gcuideachta cháilitheach sa tréimhse shainithe bhainteach a chríochnaigh sa bhliain mheasúnachta roimh an mbliain mheasúnachta ina ndearnadh an suibscríobh le haghaidh scaireanna cáilithe.

1 I dtaca le méideanna a shuibscríobhtar ar nó roimh 31 Nollaig 2014.

2 I dtaca le méideanna a shuibscríobhtar tar éis 31 Nollaig 2014.

Uimhir Thagartha Cáin Chorporáide

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

**Cuimhnigh ar an uimhir seo a lua i ngach comhfhreagras nó nuair a thugann tú cuairt ar d'oifig áitiúil de na Coimisinéirí Ioncaim.**

**Ba chóir an fhoirm seo a sheoladh go dtí an seoladh seo a leanas nuair a bheidh sí comhlánaithe go hiomlán:**

Úsáid clúdach litreach ar bith agus scríobh "Saorphost" os cionn an tseolta

**NÍL AON GHÁ LE STAMPA**

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,  
Dreasachtaí agus Seirbhísí Airgeadais,  
Foingneamh Stampála,  
Caisleán Bhaile Átha Cliath,  
Baile Átha Cliath 2,  
D02 HW86.

Mar mhalairt air sin, féadtar é a sheoladh trí ríomhphost chuig: [eiadmin@revenue.ie](mailto:eiadmin@revenue.ie)

**Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil seans maith ann nach bpróiseálfaí iarratais nach bhfuil comhlánaithe, ach go bhféadfaí iad a sheoladh ar ais go dtí an t-iarratasóir le bheith comhlánaithe. Caithfear le hiarratais nach bhfuil na doiciméid tacaíochta riachtanach in éineacht leo a bheith ina n-iarratais neamhiomlána agus seolfar ar ais iad.**

**Comhlánaigh le CINNLITREACHA, le do thoil**

Ainm na Cuideachta

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Dáta an Chorpraithe

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Dáta tosaithe na ngníomhaíochtaí bainteacha trádála

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Uimhir Chlárúcháin an Fhostóra

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

(Luaigh an uimhir thagartha agus an t-ainm, má tá sé difriúil, faoina dtuairiscíonn an chuideachta trádála ÍMAT/ÁSPC ar son a fostaíthe, le do thoil)

## NÓTAÍ:

1. Ní féidir éileamh ar fhaoiseamh breise a dhéanann duine i leith suibscríobh le haghaidh scaireanna cáilithe i gcuideachta cháilitheach a cheadú, ach amháin má tá deimhniú faoisimh eisithe ag an gcuideachta ar fhoirm EII 3A. Ní ceadmhach a leithéid de dheimhniú a eisiúint go dtí go mbeidh an chuideachta údaraithe chun a leithéid a dhéanamh ag an gCigire Cánacha, ar fhoirm EII 2A. Má táthar ag iarraidh údarás a fháil chun deimhniú a eisiúint, ní mór do chuideachta an t-eolas atá de dhíth le haghaidh na foirme seo (EII 1A) a thabhairt, an dearbhú a chomhlánú agus é a sheoladh chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim,  
Dreasachtaí agus Seirbhísí Airgeadais,  
Foirgneamh Stampála,  
Caisleán Bhaile Átha Cliath,  
Baile Átha Cliath 2,  
D02 HW86.
2. Sa chás go raibh scaireanna cáilithe eisithe ar dhátaí difriúla, ní mór foirm EII 1A ar leith a chomhlánú i ndáil le gach eisiúint ar leith.
3. Ní mór do gach rud is gá do chuideachta a dhéanamh faoi na hAchtanna Cánacha a bheith déanta tríd an rúnaí nó duine atá ag feidhmiú mar rúnaí na cuideachta (Féach alt 1044(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997).
4. Agus an fhoirm seo á comhlánú acu, ba chóir go bhféachfadh iarratasóirí ar an doiciméad sainmhínithe (IT15A) ar **www.revenue.ie** áit a bhfuil treoir ar shainmhíniú reachtúil na dtéarmaí a úsáidtear, nó ba chóir dóibh féachaint ar Chuid 16 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.
5. Díritear d'aird air seo thíos:
  - (a) Faoi rialacha an AE i dtaobh carnadh Státchabhrach, ní mór na nithe seo a leanas a thuiscint maidir le sonraí iomlána cuideachta a bhfuil cabhair ón Stát faighte aici i bhfoirm Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI):
    - nach mór na sonraí iomlána sin a chur in iúl don Choimisiún Eorpach;
    - go bhfoilseofar iad ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh;
    - go bhféadfaí iad a chur ar fáil do chomhlachtaí eile Stáit atá freagrach as scéimeanna eile Státchabhrach a riar.
  - (b) D'fhéadfadh deonú faoiseamh DFI tionchar a imirt ar iarratais a dhéanfadh an chuideachta amach anseo ar scéimeanna breise Státchabhrach.
6. Ní bheidh na Coimisinéirí Ioncaim ag déileáil le ceisteanna ar bith maidir le rialacha an AE i dtaobh carnadh Státchabhrach. Ba chóir a leithéid de cheisteanna a chur ar an gcomhlacht Stáit atá freagrach as riar na Státchabhrach atá i gceist.

Féach na nótaí ar leathanach 2 den fhoirm seo sula gcomhlánóidh tú í.

**Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil seans maith ann nach bpróiseálfar iarratais nach bhfuil comhlánaithe, ach go bhféadfaí iad a sheoladh ar ais go dtí an t-iarratasóir le bheith comhlánaithe.**

Comhlánaigh an seicliosta seo maidir, leis an gcuideachta atá ag déanamh an iarratais, trí **T** nó **N** a roghnú sa bhosca freagartha. Mura mbaineann an cheist leat, **NÁ FÁG AN BOSCA FREAGARTHA FOLAMH**. Roghnaigh **N/B** sa bhosca freagartha.

Pé áit ar gá, cuir nótaí isteach i gcolún na nótaí nó sa spás breise atá curtha ar fáil ar chúl na foirme seo.

## CUID 1 Cuideachta Cháilitheach agus úsáid na gcistí a tiomsaíodh

Ceist	FREAGRA Roghnaigh "T", "N" nó "N/B", mar is cuí			Nótaí
	T	N	N/B	
1 An raibh an chuideachta ina cuideachta cháilitheach ar feadh na tréimhse baintí trí bliana?				
2 An bhfuair aon infheisteoir luach ón gcuideachta sa tréimhse bhainteach? Má fuair, tabhair sonraí faoin luach sin				
3 Ar fhuascail aon infheisteoir a c(h) uid scaireanna i gcaitheamh na tréimhse baintí? Má fhuascail, tabhair sonraí faoin luach sin				
4 Ar úsáideadh na cistí a tiomsaíodh le haghaidh na nithe a leanas:				
A Gníomhaíochtaí Bainteacha Trádála				
B Taighde & Forbairt Cháilitheach				
C Cruthú agus Cothú Fostaíochta				
5 An raibh an t-airgead a tiomsaíodh tríd an eisiúint scaireanna á úsáid ag an gcuideachta is éilitheoir chun críocha Uimhir 4 thuas?				
6 An raibh an t-airgead a tiomsaíodh tríd an eisiúint scaireanna á úsáid ag fochuideachta de chuid na cuideachta is éilitheoir chun críocha Uimhir 4 thuas?				

## CUID 2 Critéir le haghaidh faoiseamh breise

7	Cad é dáta na heisiúna scaireanna?	
8	Cén uimhir EII 2 a bhí ag an eisiúint scaireanna seo?	

Líon isteach Ceist 9 nó Ceist 10 thíos					
9	Méadú ar Fhostaíocht				
A	Cad é an méid iomlán luach saothair a íocadh le fostaithe cáilitheacha <sup>1</sup> sa bhliain roimh an mbliain inar eisíodh na scaireanna?	Euro €	B	Cad é an méid iomlán luach saothair a íocadh le fostaithe cáilitheacha sa bhliain inar tháinig deireadh leis an tréimhse bhainteach trí bliana?	Euro €
	Cén uimhir thairseach fostaíochta a bhí ann <sup>2</sup> ?			Cén uimhir bhainteach fostaíochta a bhí ann <sup>3</sup> ?	
10	Méadú ar an gcaiteachas ar Thaighde & Forbairt cháilitheach				
A	Cad é caiteachas na cuideachta ar Thaighde & Forbairt sa tréimhse chuntasaíochta ar tháinig críoch léi sa bhliain roimh eisiúint na scaireanna?	Euro €	B	Cad é caiteachas na cuideachta ar Thaighde & Forbairt sa tréimhse chuntasaíochta ar tháinig críoch léi sa bhliain roimh dheireadh na tréimhse baintí trí bliana?	Euro €

- 1 Is ionann ‘fostaí cáilitheach’, i dtaca le cuideachta cháilitheach, agus fostaí (arb é an rud is brí leis a bhfuil in alt 983) de chuid na cuideachta sin, seachas an stiúrthóir,—
- (a) atá fostaithe ag an gcuideachta sin ar feadh 30 uair an chloig sa tseachtain ar a laghad i rith a t(h)r éimhse fostaíochta leis an gcuideachta sin, agus
- (b) a bhfuil fostaíocht aige nó aici a d’fhéadfadh a bheith ann ar feadh 12 mhí ar a laghad.
- 2 Ciallaíonn uimhir thairseach fostaíochta an líon iomlán fostaithe cáilitheacha a fhaigheann luach saothair ón gcuideacht cháilitheach sa bhliain mheasúnachta díreach roimh an mbliain ina ndearnadh an suibscríobh le haghaidh scaireanna cáilitheacha (i.e. má dhéantar an suibscríobh in 2014, beidh an uimhir thairseach fostaíochta bunaithe ar bhliain mheasúnachta 2013).
- 3 Ciallaíonn uimhir bhainteach fostaíochta an líon iomlán fostaithe cáilitheacha a fhaigheann luach saothair ón gcuideachta cháilitheach sa bhliain mheasúnachta ina dtagann deireadh le tréimhse bhainteach trí bliana, i dtaca le suibscríobh le haghaidh scaireanna cáilitheacha.

## Dearbhú.

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha san fhoirm seo ceart ar feadh m'eolais agus mo chreidimh, agus:

- (i) Go bhfuil an chuideachta agus aon fhochuideachtaí léi tar éis cloí le forálacha Chuid 16 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, no go gcloífidh an chuideachta agus aon fhochuideachtaí léi leis na forálacha sin ar feadh na tréimhse baintí
- (ii) Gur eisíodh na scaireanna a raibh faoiseamh Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta á lorg ina leith le haghaidh cuspóirí tráchtála bona fide agus ní mar chuid de scéim nó socrú arb é is príomhchuspóir dó, nó arb é ceann de na príomhchuspóirí a bhí leis, cáin a sheachaint.

Síniú

An cháil ina bhfuiltear ag síniú

Dáta

L	L	M	M	B	B	B	B

# Foirm EI 1A

Breis eolais